



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Calaois sa Chomhbheartas Talmhaíochta -
Am le tochailt níos doimhne

Ábhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-XI).....	2
RÉAMHRÁ (Míreanna 1-23)	3
RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 24-27).....	4
BARÚLACHA (Míreanna 28-105).....	4
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 106-112).....	13
Moladh 1 – Léargas níos doimhne a fháil agus a roinnt ar rioscaí agus ar bhearta calaoise i gcaiteachas CBT	14
Moladh 2 – Úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun calaois i gcaiteachas CBT a chosc agus a bhrath.....	15

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-XI)

Freagraí ón gCoimisiún:

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar an achoimre feidhmiúcháin

Is fórbheartas Eorpach é an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) de réir mar a chomhthiomsaíonn na Ballstáit acmhainní chun comhbheartas aonair a fheidhmiú le buiséad Eorpach aonair.

Agus 6.6 milliún tairbhí ag CBT, déantar an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhpháirteach trí chóras cuimsitheach bainistíochta agus rialaithe, a ceapadh chun dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas CBT a áirithiú.

I gcás ina gcuireann an Coimisiún an buiséid chun feidhme faoi réir ag bainistíocht chomhroinnte, déanfar cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig na Ballstáit. Tá sé de cheangal ar na Ballstáit sin na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach agus i gcomhréir le rialacha an Aontais. Tá sé d'oibleagáid orthu córais a bheith i bhfeidhm acu a dhéanann neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú. Foráiltear le reachtaíocht CBT go ndéanfaidh siad gníomhaireachtaí íocaíochta a chreidiúnú, gníomhaireachtaí íocaíochta ar comhlachtaí tiomnaithe iad a bhfuil freagracht orthu as cistí an Aontais a bhainistiú agus a rialú, go háirithe maidir le híocaíochtaí le tairbhíthe agus tuairisciú airgeadais don Choimisiún.

Ag an am céanna, soláthróidh comhlachtaí deimhniúcháin arna n-ainmniú ag na Ballstáit tuairim gach bliain lena gcumhdófar iomláine, cruinneas agus fírinneacht chuntais bhliantúla na gníomhaireachta íocaíochta lena mbaineann, dea-fheidhmiú a córais rialaithe inmheánaigh agus dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais arna dhearbhu don Choimisiún.

Is é seasamh an Choimisiúin nach fadhb fhréimhíochta í an ghrabáil talún a bhaineann leis an mí-úsáid a bhaintear as laigí sonracha i reachtaíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta. Ina ionad sin, tá nasc idir na feiniméin sin agus easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ar chórais dlí, ar mhaoirseacht agus ar chosaint ceart aonair sna Ballstáit agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh aghaidh a thabhairt orthu faoi chur chuige ginearálta an smachta reachta de réir mar is iomchuí.

Sna hiniúchtaí um chreidiúnú a rinne Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI) déantar breithniú ar na bearta frithchalaoise arna gcur chun feidhme ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcomhthéacs chomhpháirteanna na gcritéar um chreidiúnú, go háirithe maidir leis an Timpeallacht Inmheánach, Údarú éileamh agus Faireachán (déantar measúnú riosca ag céim na pleanála chun na réimsí ar cheart díriú orthu le linn an iniúchta a shainiú – déantar breithniú i gcónaí ar an riosca calaoise ag céim na pleanála). I gcás inarb ábhartha, ba iad torthaí agus moltaí AS AGRI a tháinig as cur chun feidhme pleananna ceartaitheacha nó feabhsúcháin ag na gníomhaireachtaí íocaíochta.

Tá leibhéal na sonraí tuairiscithe bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil na gcomhlachtaí deimhniúcháin. Mura bhfuarthas aon toradh de dhroim obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin, ní cheanglaítear ar na comhlachtaí deimhniúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt maidir leis an obair a rinneadh.

Tá an Coimisiún ag spreagadh ghlacadh na Seiceálacha cheana féin tríd an gcur chuige Faireachán ó 2018 ar aghaidh. Seachas rochtain saor in aisce a chur ar fáil ar Sheirbhísí Rochtana ar Shonraí agus ar Fhaisnéis Copernicus (DIAS) chun críocha faireachán a dhéanamh ar CBT, d'fhorbair an Coimisiún treoidhoiciméid, d'eagraigh sé cruinnithe éagsúla agus seimineáir ghréasáin le páirtithe

leasmhara, agus sheol sé Seiceálacha 2021 trí Fhaireachán a dhéanamh ar iarracht for-rochtana chun dul i ngleic le constaicí teicniúla atá ann nó a mheastar a bheith ann agus sonraí satailíte Sentinel á n-úsáid chun faireachán a dhéanamh ar CBT. Mar thoradh air sin, in 2021 tháinig méadú faoi dhó ar ghlacadh na Seiceálacha trí bhíthin an chur chuige Faireacháin sna Ballstáit i ndáil leis an gcur chuige in 2020 agus ar an gcaoi sin chuaigh sé thar gharsprioc eatramhach an Choimisiúin go ndéanfaí 10 % den limistéar talmhaíochta arna úsáid a chumhdach faoi 2022.

Glacann an Coimisiún le moltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

RÉAMHRÁ (Míreanna 1-23)

Freagraí ón gCoimisiún:

09. Sainmhínítear ‘calaois’ lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais faoi Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 (Treoir CLA) maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil, i ndáil le haon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) caiteachas nach mbaineann le soláthar agus (ii) caiteachas a bhaineann le soláthar. ‘Cionta coiriúla eile (sciúradh airgid, éilliú idir éighníomhach agus ghníomhach, míleithreasú) a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais’, mar a thuairiscítear in Airteagal 4 den Treoir maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (Treoir CLA), ba cheart iad a mheas le chéile.

11. Níl na coincheapa ‘calaois inmheánach’ agus ‘calaois sheachtrach’ a úsáideann CIE i gcomhréir leis na coincheapa ‘imscrúduithe inmheánacha’ agus ‘imscrúduithe seachtracha’ a dhéanann OLAF mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 883/2013.

AN CHÉAD FHLEASC - Cé gur féidir baint a bheith ag sárúithe ar rúndacht ghairmiúil, nó éilliú éighníomhach i mórán cásanna le hiompar calaoiseach, ní mar sin a bhíonn i gcónaí i gcás coinbhleachtaí leasa neamhdhearbhaithe.

AN DARA FHLEASC - Déantar idirdhealú i dTreoir CLA maidir le calaois i ndáil le haon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) caiteachas nach mbaineann le soláthar agus (ii) caiteachas a bhaineann le soláthar. ‘Cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais’, e.g. éilliú gníomhach, ba cheart iad a mheas mar chionta a thagann faoin sainmhíniú seo.

13. AN CHÉAD FHLEASC - Cé gurb é an Coimisiún, go háirithe Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI), atá freagrach as CBT, roinneann sé an bainistiú le gníomhaireachtaí íocaíochta sna Ballstáit. Ó 2015 i leith, cuireann comhlachtaí deimhniúcháin neamhspleácha sna Ballstáit tuairimí bliantúla ar fáil maidir le rialtacht chaiteachas na ngníomhaireachtaí íocaíochta.

AN DARA FHLEASC - Déanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin ar chalaois, ar éilliú agus ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais, agus ar mhí-iompar tromchúiseach laistigh d’institiúidí an Aontais.

23. Maidir le cinneadh CIE maidir le neamhiomláine na bhfigiúirí a foilsíodh sna Tuarascálacha CLA, mhínigh an Coimisiún sa fhreagra ar thuarascáil speisialta 01/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa nach dtugtar le tuiscint le neamhthuairisciú cásanna ar leith sa bhliain x nach ndéanfar an

cás sin a thuairisciú in aon chor. Sin an fáth, agus an Tuarascáil CLA á hullmhú, go gcumhdaítear ar a laghad cúig bliana leis an anailís, chun tionchar neamhthuairiscithe den sórt sin a íoslaghdú agus is é sin an fáth a meastar nach mbíonn tionchar ag an neamhthuairisciú nó ag an tuairisciú neamhthráthúil sin ach ar mheastacháin bhraite, rud nach ndéanann difear suntasach do chonclúidí an Choimisiúin.

Measann an Coimisiún gurb í an tuarascáil CLA an uirlis is beachte atá ar fáil chun tionchar na calaoise ar chistí an Aontais a mheas.

RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 24-27)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

BARÚLACHA (Míreanna 28-105)

Freagraí ón gCoimisiún:

30. Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl nach ionann earráidí agus calaois.

Tagraíonn an Coimisiún dá fhreagra i dtuarascáil bhliantúil 2019 CIE, mír 6.36 agus tugann sé dá aire measúnú CIE go bhfuil an riosca calaoise níos mó do na réimsí sin atá faoi réir cómhaoiniú aisíocaíocht-bhunaithe go ginearálta, seachas i réimse na níocaíochtaí Díreacha agus chaiteachas na forbartha tuaithe atá limistéar-bhunaithe, arb ionann é agus formhór mór chaiteachas CBT.

Faoin gcreat reachtach CBT atá ann faoi láthair, ba cheart a mheabhrú, maidir le híocaíochtaí atá bunaithe ar aisíocaíocht, go bhfuil feidhm ag coinníollacha casta agus ag rialacha incháilitheachta i gcás inar gá cabhair a spriocdhíriú d'fhonn cuspóirí beartais uaillmhianacha a bhaint amach. Is gá, dá bhrí sin, cothromaíocht a aimsiú idir dlíthiúlacht agus rialtacht agus cuspóirí beartais a bhaint amach agus na costais seachadta á gcur san áireamh ag an am céanna. Don tréimhse 2023-2027, tá an Coimisiún ag tabhairt aghaidh air sin trí úsáid Roghanna Costais Simplithe a chur chun cinn agus trí CBT a shimpliú.

FÍOR 6 – TOSCA A MBEIDH TIONCHAR ACU AR MHÍRIALTACHTAÍ AGUS AR CHALAOIS

Meabhraíonn an Coimisiún an ról suntasach atá ag an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (IACS), lena n-áirítear an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS), chun an riosca earráide a choinneáil íseal sna híocaíochtaí CBT limistéarbhunaithe (íocaíochtaí Díreacha agus roinnt de na bearta Forbartha Tuaithe) mar atá aitheanta ag CIE.

Féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 30.

31. Cuireann an Coimisiún in iúl gur neamhrialtacht é na coinníollacha a chruthú go saorga chun critéir incháilitheachta a chomhlíonadh agus nach gá gurb ionann é sin agus calaois. Ag an am céanna, is cás sonrath d'iompar calaoiseach é faisnéis bhréagach a sholáthar chun tairbhe mhíchuí a bhaint as cabhair CBT.

Bosca 3 – Samplaí maidir le gníomhaíochtaí a ionshamhlú agus doiciméid a fhalsú

Cuireann an Coimisiún in iúl gur sampla é cás na Slóvaice a bhfuil cur síos air i mBosca 3 de chóras bainistíochta agus rialaithe atá ag feidhmiú go héifeachtach sa Bhallstát, rud a chuir cosc mar is cuí ar an dochar do leasanna airgeadais an Aontais agus a thuairiscigh an cás mar is ceart de réir na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

40. In 2016, d'fhonn cur chun feidhme sábháilte an bhirt maidir le cur chun cinn an fhíona a áirithiú, d'eisigh AS AGRI treoirlínte¹ maidir le cláir náisiúnta tacaíochta in earnáil an fhíona, go háirithe maidir leis an mbeart cur chun cinn. Ina theannta sin, in 2021, d'eisigh AS AGRI nóta chuig toscairí na mBallstát maidir le 'saincheisteanna teicniúla a braitheadh i gcur chun cinn an fhíona i dtríú tíortha'. Ba cheart go rannchuideodh an méid sin leis na rioscaí a mhaolú i dtéarmaí chur chun feidhme an bhirt cur chun cinn in earnáil an fhíona.

AN CHÉAD Fhleasc – Tá an caiteachas atá nasctha le costais phearsanra teoranta ó thaobh an dlí de go dtí 50 % de chostas foriomlán an bhirt cur chun cinn arna chur chun feidhme.

AN DARA Fhleasc– Seiceálacha ar an láthair i dtíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a rialaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún. Níl aon oibleagáid shonrach ná aon sprioc shonrach ann i leith na n-oibríochtaí samplála íosta maidir le sampláil a fhorbraítear i dtríú tíortha. Ina theannta sin, ní éilíonn an Rialachán seiceálacha ar an láthair san áit ina gcuirtear na gníomhaíochtaí chun feidhme, ach in áitreabh an tairbhí nó an chomhlachta eagrúcháin amháin. Ní dhíríonn seiceálacha ar an láthair i gcur chun cinn an fhíona i dtríú tíortha ar fhíorú na hoibríochta *in situ*.

AN TRÍÚ Fhleasc - In Airteagal 41 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 áirítear ceanglais áirithe nuair is comhlacht eagrúcháin é a dhéanann na gníomhaíochtaí cur chun cinn.

42. Deimhníonn an Coimisiún gur ceanglas é na heicteáir incháilithe a bheith ar fáil don fheirmeoir le gur féidir teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh agus chun teidlíochtaí íocaíochta a ghníomhachtú le haghaidh an íocaíochta chomhfhreagrach a fháil faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsáí (BPS) nó chun an íocaíocht a fháil faoin Scéim Íocaíochta Aonair Limistéir (SAPS).

Bosca 5 - Cad í 'grabáil talún'?

Tá feiriméan na grabála talún níos leithne ná comhchruinniú na talún talmhaíochta agus na tacaíochta idir líon beag tairbhíthe, rud atá ar eolas ag an gCoimisiún (tá 20 % de thairbhíthe CBT comhchruinnithe ar 80 % d'íocaíochtaí díreacha, rud atá i gcomhréir le dáileadh na húinéireachta talún). Mar thoradh ar CBT 2014-2022 rinneadh athdháileadh suntasach ar íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí beaga agus le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ina ndúshláin, i gcomparáid leis an tréimhse 2011-2013. Tá CBT nua 2023 – 2027 á athrú a thuilleadh i dtreo feabhas a chur ar chothroime dháileadh na n-íocaíochtaí díreacha trí ionstraimí amhail caidhpeáil, laghdú íocaíochtaí agus, go háirithe tríd an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.

¹ Ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/food-farming-fisheries/farming/documents/wine-guidelines-national-support-programmes-2016-16-12_en.pdf

Maidir le ‘grabáil talún’ agus cleachtais chalaioiseacha, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil difríocht idir, ar thaobh amháin, talamh a fháil go haindleathach (rud a chiallaíonn go bhfaightear gníomh dlíthiúil úinéireachta ar an talamh trí ghníomhartha coiriúla, amhail gníomhartha foréigin nó imeaglaithe) agus ina dhiaidh sin coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh go baileach, agus ar an taobh eile duine ag ligean air go gcomhlíonann sé na coinníollacha incháilitheachta trí dhoiciméid bhrionnaithe agus/nó fhalsaithe a chur isteach. Is saincheist é an dara ceann a bhféadfadh bearta frithchalaioise na Gníomhaireachta Íocaíochta í a bhrath.

47. Is díol sásaimh don Choimisiún an measúnú dearfach a rinne CIE ar an ról atá ag an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) agus ag an gCóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS) chun leibhéal earráide a chosc agus a laghdú. Féach freisin an freagra ón gCoimisiún ar fhíor 6.

49. Tá an Coimisiún ar aon intinn le CIE gur dócha go mbeidh na bealaí sin chun leas a bhaint as cistí an Aontais go haindleathach (e.g. calaoiseoirí ar mian leo talamh talmhaíochta a fháil go haindleathach agus tacaíocht a éileamh ina dhiaidh sin) mar thoradh ar chóras éifeachtúil bainistíochta agus rialaithe, amhail IACS-LPIS, córas a d’fhág go mb’éigean do ‘chalaioiseoir’ bealaí éagsúla a aimsiú leis an gcabhair a fháil. Is minic go bhfágann na bealaí éagsúla sin go bhfuil baol níos airde ann do chalaioiseoirí go mbreithfí orthu agus go gcuirfí smachtbhannaí níos troime orthu (lena n-áirítear pianbhreitheanna fada príosúnachta). Ar an iomlán, léiríonn sé sin stóinseacht an chórais atá i bhfeidhm.

FREAGRA COITEANN ÓN gCOIMISIÚN AR MHÍREANNA 7 AGUS 50-51:

Maidir le ‘grabáil talún’ agus cleachtais chalaioiseacha, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil difríocht idir, ar thaobh amháin, talamh a fháil go haindleathach (rud a chiallaíonn go bhfaightear gníomh dlíthiúil úinéireachta ar an talamh trí ghníomhartha coiriúla, amhail gníomhartha foréigin nó imeaglaithe) agus ina dhiaidh sin coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh go baileach, agus ar an taobh eile duine ag ligean air go gcomhlíonann sé na coinníollacha incháilitheachta trí dhoiciméid bhrionnaithe agus/nó fhalsaithe a chur isteach. Is saincheist é an dara ceann a bhféadfadh bearta frithchalaioise na Gníomhaireachta Íocaíochta í a bhrath.

Bosca 6 - Sampla de thalamh ama héileamh go haindleathach san Iodáil

Lean AS AGRI an staid san Iodáil i mBosca 6 in dhá iniúchadh, ceann amháin as ar tháinig ceartú airgeadais EUR 158 milliún agus ceann eile as ar tháinig ceartú airgeadais EUR 21 mhilliún mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, tugadh cosaint iomchuí ar bhuiséad an Aontais trí obair chomhcheangailte agus chomhordaithe OLAF agus AS AGRI. Sampla eile den chaoi a dtugann an Coimisiún an tosaíocht is mó don chomhrac i gcoinne na calaoise agus do chosaint leas airgeadais an Aontais is ea é.

52. Ní gá go mbainfeadh na saincheistean a ndéantar cur síos orthu i mBosca 7 le laigí i seiceálacha arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí íocaíochta ach le heasnaimh sa chaoi a mbainistítear úinéireacht talún agus léasanna talún sa Bhallstát sonrath. Ba cheart díriú ar an ngéarghá atá le feabhas a chur ar na córais sin seachas féachaint ar thaobh rialuithe na Gníomhaireachta Íocaíochta.

53. Ní shainítear le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ná leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh CBT nua 2023-2027 (Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha) cineál an chaidrimh dhlíthiúil lena gcinnfí go bhfuil na heicteáir incháilithe ar fáil don fheirmeoir, toisc nach féidir teacht ar riail choiteann atá comhoiriúnach leis an reachtaíocht náisiúnta ar fad. Bheadh ceanglais uileghabhálacha contrártha freisin do choincheap na Samhla Nua Seachadta. I gcomhréir le prionsabal na saoirse conarthaí, áfach, tá 'úsáid' talún talmhaíochta de gach cineál atá ar fáil go dlíthiúil sa dlí náisiúnta incháilithe. Féadfar a áireamh orthu sin, gan a bheith teoranta dóibh, úinéireacht, lamháltas talún, Conradh léasa i scríbhinn, léas ó bhéal nó foirm eile comhaontaithe ó bhéal, seilbh gan agóid má cheadaítear sin faoin reachtaíocht náisiúnta nó foirmeacha dlíthiúla náisiúnta eile, an traidisiún dlíthiúil agus/nó nós dlíthiúil eile.

54. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na Ballstáit córais rialaithe bainistíochta leordhóthanacha ar bun chun neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ar an gcúis sin, níor cheart seiceálacha a bheith teoranta do chásanna éileamh dúbailte. Mar sin féin, is rogha lánroghnach ag na Ballstáit í foirm na seiceálacha ar iarratais ar chabhair agus lena fhíorú gur comhlíonadh an ceanglas maidir leis na heicteáir incháilithe a bheith ar fáil don fheirmeoir.

55. Faoi bhainistíocht chomhroinnte tugtar solúbthacht do na Ballstáit a gcórais rialaithe a eagrú. Dá bhrí sin, léirítear neamhréitigh sna modhanna sna córais náisiúnta éagsúla. Maidir le tráth na seiceálacha, spreagann an Coimisiún na Ballstáit chun díriú ar mhírialtachtaí agus gan iad a theorannú do chásanna éileamh dúbailte. Go deimhin, iarrtar ar na Ballstáit a n-oibleagáid ghinearálta a chomhlíonadh maidir le rialuithe riaracháin éifeachtacha agus córasacha a chur i gcrích, lena n-áirítear úsáid dhleathach talún a chomhlíonadh, in ainneoin go bhfuil corrlach lánroghnach acu agus go bhfuil an ceart acu a thiomhndiú go bhfuil na heicteáir incháilithe ar fáil don iarratasóir.

56. I gcás éileamh dúbailte, ní mór do na Ballstáit a chinneadh ar dtús cé hiad ag a bhfuil na heicteáir incháilithe ar fáil dóibh go dleathach. Mura bhfuil aon cheart dlíthiúil ag duine de na hiarratasóirí, ní féidir leis/léi éileamh a dhéanamh go bhfuil an talamh á úsáid go dleathach. Ar an dara dul síos, más féidir le dhá pháirtí caidreamh dlíthiúil a léiriú maidir leis an talamh, ní mór do na húdaráis náisiúnta a chinneadh cé aige a bhfuil an chumhacht cinnteoireachta le haghaidh na gníomhaíochtaí talmhaíochta a dhéantar ar na heicteáir sin agus a bhfuil air na rioscaí brabúis agus airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin, i gcomhréir leis na prionsabail a bunaíodh i gcás C- 61/09 Landkreis Bad Dürkheim.

58. Déanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta feidhmíocht gníomhaíochtaí talmhaíochta ar thalamh feirme a sheiceáil mar chuid de na rialuithe is gá a dhéanamh i leith na gcoinníollacha incháilitheachta. Déanann na comhlachtaí deimhniúcháin iniúchadh rialta ar na córais rialaithe sin agus, más gá, faoi réir iniúchtaí ón gCoimisiún. Cuirtear ceartuithe airgeadais i bhfeidhm ansin má mheastar go bhfuil na rialuithe sin easnamhach.

Bosca 8 - Tarraingteacht talaimh féaraigh agus limistéir sléibhe do chalaoiseoirí

Cé is moite d'imscrúduithe OLAF, le hiniúchtaí an Choimisiúin tugtar aghaidh freisin ar na cineálacha sin saincheisteanna (e.g. tarraingteacht talaimh féaraigh agus limistéir sléibhe do chalaoiseoirí) agus cuirtear ceartúcháin airgeadais i bhfeidhm go dtí go réitítear an cás agus go ndéantar buiséad an Aontais a chosaint go hiomlán. Is minic a dhéantar é sin i gcomhthéacs pleananna gníomhaíochta atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit faoi mhaoirseacht an Choimisiúin chun a áirithiú go ndéantar na heasnaimh a bhraitear a leigheas go hiomlán agus go tapa.

FREAGRA COITEANN ÓN gCOIMISIÚN AR MHÍREANNA 59 - 61

Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go láidir nach mór idirdhealú soiléir a dhéanamh idir calaois bhunaithe agus neamhrialtachtaí amhrasta calaoiseacha. Ní féidir ach le comhlachtaí inniúla calaois a imscrúdú, e.g. OLAF, OIPE nó comhlachtaí frithchalaoise agus forfheidhmithe an dlí na mBallstát. Ní féidir é a shuíomh ach amháin le cinneadh cinntitheach riaracháin nó le cinneadh cúirte coiriúla.

As 12 chás a seoladh chuig OLAF, tá dhá imscrúdú curtha i gcrích ag OLAF go dtí seo agus tá moltaí airgeadais curtha faoi bhráid AS AGRI maidir le haisghabháil an mhéid a íodadh go míchuí a eagrú. Sa dá chás shonracha sin, dhearbhaigh OLAF go raibh neamhrialtachtaí ann ach níor aimsigh sí fianaise ar chalaos. Tá na 10 gcás eile fós á n-imscrúdú, dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún tuilleadh tráchta a dhéanamh.

Ina theannta sin, tugann an Coimisiún, go dearfach, dá aire go raibh an ráta earráide a thuairiscigh CIE i leith na caibidile maidir le hacmhainní nádúrtha gar don tairseach ábharthachta (1.9 % in 2019 agus 2 % in 2020) agus i gcomhréir leis an ráta earráide a thuairiscigh AS AGRI ina Thuarascáil Bhliantúil ar Gníomhaíochtaí.

Tugann an Coimisiún dá aire nach measann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa í féin a bheith i dteideal calaois a imscrúdú. Is amhlaidh atá i gcás iniúcháirí an Choimisiúin.

62. Maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an Coimisiún i ndáil le calaois i dtaobh CBT, measann an Coimisiún go bhfuil forléargas aige ar an gcalaois agus ar na rioscaí calaoise agus leanann sé de bheith réamhghníomhach agus faireachán a dhéanamh ar an riosca calaoise a bhaineann le caiteachas CBT.

FREAGRA COITEANN ÓN gCOIMISIÚN AR MHÍREANNA 65 GO 69:

Is é seasamh an Choimisiúin nach fadhb í an ‘ghrabáil talún’ a bhaineann go dlúth leis an mí-úsáid a bhaintear as laigí sonracha i reachtaíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta. Ina ionad sin, tá nasc idir na feiniméin sin agus easnaimh a d’fhéadfadh a bheith ar chórais dlí, ar mhaoirseacht agus ar chosaint ceart aonair sna Ballstáit agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh aghaidh a thabhairt orthu faoi chur chuige ginearálta an smachta reachta, de réir mar is iomchuí.

Ag tagairt di do shaincheist na ‘grabála talún’ go ginearálta i dtuarascáil bhliantúil AS AGRI 2020 maidir leis an straitéis frithchalaoise, chuir AS AGRI coincheap an-difriúil chun cinn, is é sin an coincheap nach fadhb í ‘grabáil talún’ a bhaineann go dlúth leis an mí-úsáid a bhaintear as laigí sonracha i reachtaíocht CBT.

Tá bearta déanta ag an gCoimisiún mar a d’aithin CIE i mír 56 chun treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le conas déileáil le saincheistanna maidir le grabáil talún nuair a bhaineann siad leis an tsaincheist maidir le ‘talamh ar fáil’.

Maidir le ‘grabáil talún’ agus cleachtais chalaoiseacha, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil difríocht idir, ar thaobh amháin, talamh a fháil go haindleathach (rud a chiallaíonn go bhfaightear gníomh dlíthiúil úinéireachta ar an talamh trí ghníomhartha coiriúla, amhail gníomhartha foréigin nó imeaglaithé) agus ina dhiaidh sin coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh go baileach, agus ar an taobh eile duine ag ligean air go gcomhlíonann sé na coinníollacha incháilitheachta trí dhoiciméid bhrionnaithe agus/nó fhalsaithe a chur isteach. Is saincheist é an dara ceann a bhféadfadh bearta frithchalaoise na Gníomhaireachta Íocaíochta í a bhrath.

FÍOR 9 – AMLÍNE THREOIR AS AGRI DO NA BALLSTÁIT

Cuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil sé ar an eolas faoina thábhachtaí agus atá an tacaíocht atá le tabhairt do na Ballstáit agus go bhfuil sé i ndlúth-thadhall le gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát chun an tacaíocht is gá a chur ar fáil i gcomhréir leis na hiarrataí a fuarthas.

74. Measann an Coimisiún gur éascaigh sé dea-chleachtais a mhalartú maidir le bearta frithchhalaoise freisin ó bhí 2019 ann i gcomhdhálacha na ngníomhaireachtaí íocaíochta, tráth a rabhthas in ann iad sin a dhéanamh i bhfianaise shrianta COVID 19, amhail ag comhdháil Dheireadh Fómhair 2020 ina ndearna Gníomhaireacht Íocaíochta na Cróite cur i láthair. Rinneadh malartuithe freisin i gcruinnithe an Líonra Foghlama. Ina theannta sin, rinneadh seimineáir frithchhalaoise a atosú in 2021 agus d'fhreagair AS AGRI i gcónaí ar iarrataí arna bhfáil ó na Ballstáit de réir na brí sin. Tá seimineáir eile á n-eagrú go deimhin in 2022 i gcomhréir leis na hiarrataí a fuarthas.

FREAGRA COITEANN ÓN gCOIMISIÚN AR MHÍREANNA 75 GO 78:

Déanann an Coimisiún faireachán ar na bearta frithchhalaoise a chuireann na Ballstáit chun feidhme trí obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin.

Coinnítear na bearta frithchhalaoise náisiúnta faoi shíormhaoirseacht trí obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus trína dtuarascálacha bliantúla chuig an gCoimisiún.

Déantar an mhaoirseacht sin i gcomhréir leis an gcur chuige a bhfuil cur síos air anseo thíos agus i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair:

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar ghníomhaireachtaí íocaíochta bearta frithchhalaoise a chur i bhfeidhm. Chun tacú leis na gníomhaireachtaí íocaíochta bearta cuí a chur ar bun, chuir AS AGRI treoir ar fáil do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na gcritéar um chreidiúnú i ndáil le bearta frithchhalaoise.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir, chomh fada agus a bhaineann le bearta frithchhalaoise, gurb iad na Ballstáit atá i mbun a stiúrtha faoi réir ag bainistíocht chomhroinnte. Is doiciméad é Treoirlíne 1 maidir leis na critéir um chreidiúnú ina gcuirtear ar fáil na ceanglais íosta a bhfuil súil ag na comhlachtaí deimhniúcháin leo maidir leis an athbhreithniú ar na critéir uile um chreidiúnú, lena n-áirítear calaois a chosc agus a bhrath. Le linn Chruinniú an Ghrúpa Saineolaithe i mí na Samhna 2021, cuireadh treoir níos sonraí ar fáil do na Ballstáit maidir le bearta frithchhalaoise, lena mbaineann dea-chleachtais.

Tá leibhéal na sonraí tuairiscithe bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil na gcomhlachtaí deimhniúcháin, mar sin féin, soiléiríonn an Coimisiún, i gcásanna laigí a fuarthas i ndáil le calaois a chosc agus/nó a bhrath, go ndearnadh cur síos leordhóthanach orthu sin i dtuarascálacha na gcomhlachtaí deimhniúcháin. Mura bhfuarthas aon torthaí mar thoradh ar obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin, ní cheanglaítear ar na comhlachtaí deimhniúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt maidir leis an obair a rinneadh.

Déanann an Coimisiún (AS AGRI) roinnt misean iniúchóireachta ar bhonn bliantúil chuig na Ballstáit ina ndéantar cur chun feidhme straitéis iniúchóireachta na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus cáilíocht a chuid oibre ar mheasúnú chóras rialaithe inmheánaigh na ngníomhaireachta íocaíochta, lena n-áirítear athbhreithniú ar na critéir um chreidiúnú, a thástáil.

80. Déanann an Coimisiún iniúchtaí mar atá luaite go soiléir ag CIE ach ní imscrúduithe calaoise iad sin agus níor cheart dóibh a bheith ina n-imscrúduithe calaoise. Déanann an Coimisiún seiceálacha, áfach, ar na bearta frithchhalaoise a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm.

Sna hiniúchtaí um chreidiúnú a rinne AS AGRI déantar breithniú ar na bearta frithchhalaoise arna gcur chun feidhme ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcomhthéacs chomhphárteanna na gcritéar

um chreidiúnú, go háirithe maidir leis an *Timpeallacht Inmheánach, Údarú éileamh agus Faireachán* (déantar measúnú riosca ag céim na pleanála chun na réimsí ar cheart díriú orthu le linn an iniúchta a shainaithint – déantar breithniú i gcónaí ar an riosca calaoise ag céim na pleanála). I gcás inarb ábhartha, ba iad torthaí agus moltaí AS AGRI a tháinig as cur chun feidhme pleananna ceartaitheacha nó feabhsúcháin ag na gníomhaireachtaí íocaíochta.

Bosca 10 - Freagra an Choimisiúin ar líomhaintí faoi mhí-úsáid chistí CBT sa tSlóvaic

Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna údaráis na Slóvaice roinnt beart feabhais don ghníomhaireacht íocaíochta sular athshuiteáladh an creidiúnú iomlán. Sna chéad mhíonna de 2022, tá plean claoclúcháin fós á chur chun feidhme ag údaráis na Slóvaice chun tuilleadh feabhais a chur ar na córais rialaithe inmheánacha sa ghníomhaireacht íocaíochta, go háirithe maidir le caiteachas Forbartha Tuaithe neamh-IACS. Cé go ndearna údaráis na Slóvaice an creidiúnú iomlán a athshuiteáil, níor thosaigh siad ar íocaíochtaí maidir le bearta infheistíochta Forbartha Tuaithe neamh-IACS sular cuireadh feabhsuithe breise chun feidhme. Chuir an Coimisiún fionraí i bhfeidhm maidir leis na héilimh ar aisíocaíocht a rinne údaráis na Slóvaice go dtí gur chuir údaráis na Slóvaice deireadh leis na híocaíochtaí.

82. Is cur chuige rialaithe atá sainmhínithe i gcreat dlíthiúil an Aontais é na Seiceálacha trí Fhaireachán, cur chuige atá ag brath ar chuairteanna allamuigh (i gcás critéir incháilitheachta, gealltanais agus oibleagáidí nach féidir faireachán a dhéanamh orthu) agus teicneolaíochtaí nua a úsáid (ar mhaithe le critéir incháilitheachta, gealltanais agus oibleagáidí ar féidir faireachán a dhéanamh orthu) mar mhalairt ar chineálacha cur chuige rialaithe traidisiúnta i gcás scéimeanna agus bearta cabhrach a bhaineann le limistéar.

83. I gcás inar féidir a mheas gur féidir faireachán a dhéanamh ar choinníollacha incháilitheachta maidir le cabhair limistéarbhunaithe a bhuí le sonraí satailíte Sentinel (nó sonraí eile a bhfuil luach coibhéseach ar a laghad acu), úsáidtear próisis uathoibríthe i gcur chuige na Seiceálacha trí Fhaireachán agus seiceáil á déanamh ar chomhlíonadh. Déantar obair leantach ar thorthaí neamhchonclúideacha le nósanna imeachta leath-uathoibríthe. I gcás *a priori* nárbh féidir faireachán a dhéanamh ar choinníollacha incháilitheachta maidir le cabhair limistéarbhunaithe le sonraí satailíte Sentinel, ní mór cuairteanna allamuigh a dhéanamh ar shampla tairbhíthe. Bíonn an buntáiste a bhaineann le cur chuige na Seiceálacha trí Fhaireachán i dtaca le modhanna rialaithe traidisiúnta, dá bhrí sin, níos mó nuair is féidir faireachán a dhéanamh ar na coinníollacha incháilitheachta go léir. Mar sin féin, is minic coinníollacha incháilitheachta sna bearta forbartha tuaithe go háirithe, ar coinníollacha iad nach féidir faireachán a dhéanamh orthu le sonraí satailíte Sentinel. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbac sin, foráiltear sa togra ón gCoimisiún maidir le Córas Faireacháin Limistéir a bheidh ann amach anseo sna Ballstáit go n-úsáidfear sonraí neamh-Sentinel amhail grianghraif gheo-chlibeáilte.

84. Cuireann an Coimisiún in iúl nach féidir le satailítí faireachán a dhéanamh ach amháin ar fheiniméin fhisiciúla a bheith i láthair nó in éagmais sna réimsí a n-éilítear tacaíocht CBT dóibh. Dá bhrí sin, is féidir torthaí conclúideacha bunaithe ar shatailítí comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a léiriú, ar critéir iad a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha talmhaíochta nó le coinníollacha sonracha talmhaíochta ach ní le coinníollacha riaracháin a bhaineann, mar shampla, leis an tairbhí nó leis an talamh atá ar fáil dó nó di.

85. Trí uathphróiseáil a dhéanamh ar shruthanna rialta íomhánna satailíte, is féidir rabhadh a thabhairt d'fheirmeoirí faoi spriocdháta a bhíonn beagnach istigh agus lena n-éilítear gníomhartha sonracha (amhail gort a lomadh faoi spriocdháta áirithe) agus a chur in iúl d'fheirmeoirí faoi

neamhchomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta atá tugtha faoi deara maidir leis an gcabhair a éilítear (amhail neamhurraim do thoirmeasc treafa). Foráiltear leis an gcreat dlíthiúil gur féidir le tairbhíthe éilimh ar chabhair a leasú nó a tharraingt siar laistigh de spriocdhátaí sonraithe.

86. Is iad na húdaráis inniúla sna Ballstáit a chuireann na seiceálacha trí fhaireachán chun feidhme. Is féidir le Seiceálacha trí Fhaireachán comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh coinníollacha incháilitheachta maidir le cabhair limistéarbhunaithe a shainaithint chomh fada is go mbaineann siad le gníomhaíochtaí agus dálaí talmhaíochta ar féidir le satailítí Sentinel faireachán a dhéanamh orthu. Trí neamhchomhlíonadh a bhrath ar fud líon iomlán na ndáileachtaí lena mbaineann, laghdaíonn cur chuige na Seiceálacha trí Fhaireachán an riosca do na cistí.

90. Tá an Coimisiún ag spreagadh ghlacadh na Seiceálacha cheana féin tríd an gcur chuige Faireacháin ó 2018 ar aghaidh. Seachas rochtain saor in aisce a chur ar fáil ar Sheirbhísí Rochtana ar Shonraí agus ar Fhaisnéis Copernicus (DIAS) chun críocha faireachán a dhéanamh ar CBT, tá treoirdhoiciméid forbartha ag an gCoimisiún, agus tá sé ag éascú foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát, mar shampla, trí chruinnithe tiomnaithe a eagrú ina dtugann Ballstáit a úsáideann Seiceálacha trí Fhaireachán cheana féin léargais agus ina gcomhroinneann siad taithí bunaithe ar chur chun feidhme iarbhir. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit maidir le hoiliúintí, doiciméadacht agus réitigh TF i gcomhthéacs a iarrachta for-rochtana, is é sin Seiceálacha trí Fhaireachán, arb é is aidhm di dul i ngleic le constaicí teicniúla a mbraitear iad a bheith ann nó le constaicí teicniúla iarbhir maidir le sonraí satailíte Sentinel a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar CBT.

91. Mar thoradh air sin, in 2021 tháinig méadú faoi dhó ar ghlacadh chur chuige na Seiceálacha trí bhíthin Faireacháin sna Ballstáit i gcomparáid le 2020 agus dá réir sin sháraigh sé garsprioc eatramhach an Choimisiúin, is é sin 10 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear le haghaidh feirmeoireachta faoi 2022.

96. D'fháiltigh an Coimisiún roimh staidéar ó Pharlaimint na hEorpa (PE) in 2021, inar leagadh béim ar na saincheistanna céanna a bhíonn ag dó na geirbe ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit agus faisnéis á bailiú, infhaighteacht faisnéise a bheith faoi réir ag ceanglais trédhearcachta agus teorainneacha trédhearcachta a bhíonn ann mar gheall ar Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 (RGCS). Tá na torthaí a fuarthas sa staidéar maidir leis na 50 tairbhí is mó i gcomhréir leis na torthaí a chuir AS AGRI ar fáil faoin ábhar céanna do Choiste Parlaimint na hEorpa um Rialú Buiséadach (CONT). Tacaíonn cuid mhór de CBT (agus den Bheartas Comhtháthaithe) le hinfheistíocht phoiblí. Tá sé ráite ag AS AGRI roinnt uaireanta go bhfuil sí réidh chun oibriú le Parlaimint na hEorpa chun trédhearcacht a fheabhsú a thuilleadh, nuair is gá. In CBT nua 2023-2027 (Airteagal 98 de Rialachán (AE) 2021/2116), beidh oibleagáid ar na Ballstáit an fhaisnéis is gá a bhailiú chun tairbhíthe a shainaithint, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sainaithint na ngrúpaí ina mbeidh siad rannpháirteach, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2013/34/AE.

97. Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht an fhaisnéis maidir le tairbhíthe a fhoilsiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfoilseofar tairbhíthe chistí CBT ar bhonn bliantúil *ex-post*, lena n-áirítear faisnéis faoi ghrúpaí gnóthas (faoi CBT nua), ar shuíomh gréasáin aonair in aghaidh an Bhallstáit. Tá gach suíomh gréasáin ar fáil trí naisc ar [ec.europa.eu: https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/financing-cap/beneficiaries_en](https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/financing-cap/beneficiaries_en). Tá an Coimisiún ag déanamh machnaimh ar conas trédhearcacht a fheabhsú a thuilleadh maidir le faighteoirí cistithe ón Aontas Eorpach i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le déanamh ar Rialachán Airgeadais 2018.

98. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheistean ar tarraingíodh aird orthu sa staidéar, cuireann an Coimisiún córas faireacháin comhtháite idir-inoibritheach ar fáil, lena n-áirítear uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca (ar a dtugtar Arachne faoi láthair), ag féachaint do chur i bhfeidhm ginearálaithe i measc na mBallstát. Cuireann an uirlis leis na sonraí a bhailítear chun críocha Chistí na bainistíochta comhroinnte agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme agus, ar bhonn táscairí riosca, beifear in ann sainaitheint a dhéanamh ar na tairbhíthe, na conarthaí agus na conraitheoirí a d'fhéadfadh a bheith soghabhálach do rioscaí neamhrialtachtaí, calaoise agus coinbhleachta leasa. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag déanamh anailíse faoi láthair ar an bhféidearthacht feabhas a chur ar na rialacha trédhearcachta san athbhreithniú atá le déanamh ar Rialachán Airgeadais 2018.

FREAGRA COITEANN ÓN gCOIMISIÚN AR MHÍREANNA 99 AGUS 100:

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir faisnéis atá inrochtana don phobal chun críocha trédhearcachta agus faisnéis atá ar fáil do chomhlachtaí náisiúnta agus AE chun críocha iniúchóireachta agus rialaithe. Tá rochtain ar an bhfaisnéis atá ar fáil don phobal ar feadh dhá bhliain agus tá rochtain ar an bhfaisnéis chun críocha iniúchóireachta agus rialaithe ar feadh cúig bliana. Iadsan a fhaigheann níos lú ná EUR 1250, dream lena mbaineann thart ar 1-2 % de thacaíocht CBT, is iadsan an dream a bhaineann le thart ar 25 % de thairbhíthe CBT a ndéantar iad a anaithnídiú le gcur san áireamh i sonraí atá ar fáil go poiblí. Is toradh é sin ar chaibidlíocht leis na comhreachtóirí agus cuirtear san áireamh leis rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an gceist sin, arbh ghá cothromaíocht a bhaint amach idir ceanglais na rialacha comhréireachta agus trédhearcachta.

I gcás CAI 2021-2027 agus NGEU, chuir an Coimisiún tograí ar aghaidh chun feabhas a chur ar an mbailiú sonraí a dhéanann na Ballstáit faoi fhaighteoirí cistithe ón Aontas arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('RRF'). Áiríodh sna tograí sin taifeadadh agus stóráil sonraí maidir le faighteoirí cistithe ón Aontas Eorpach, lena n-áiríodh a n-úinéirí tairbhiúla (i gcás nach daoine nádúrtha iad na faighteoirí) i bhformáid chaighdeánaithe (leictreonach). Ina theannta sin, mhol an Coimisiún go mbainfí úsáid éigeantach as uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca chun rochtain a fháil ar shonraí den sórt sin agus anailís a dhéanamh orthu, agus chun sainaitheint a dhéanamh, bunaithe ar thacar táscairí riosca, beart, ar na conarthaí agus na faighteoirí a d'fhéadfadh a bheith so-ghabhálach i leith rioscaí neamhrialtachtaí, calaoise agus coinbhleachtaí leasa. Chuirfeadh uirlis den sórt sin feabhas ar cháilíocht agus ar inchomparáideacht na sonraí maidir le faighteoirí cistithe ón Aontas chun críocha rialaithe agus iniúchóireachta agus bheadh na Ballstáit in ann díriú níos fearr ar a ngníomhaíochtaí iniúchóireachta agus rialaithe agus bheadh an Coimisiún in ann díriú níos fearr ar a ról maoirseachta. Ní dhéantar oibleagáid le Rialachán (AE) 2021/2116 úsáid a bhaint as an uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca atá le cur ar fáil ag an gCoimisiún. Maidir le CBT, is ann do chlásal athbhreithniúcháin áfach lena gcuirtear ceangal ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh ina ndéanfar measúnú ar úsáid na huirlise aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca agus ar a hidir-inoibritheacht ag féachaint dá húsáid ghinearálaithe i measc na mBallstát, go bhféadfadh na Ballstáit í a úsáid, an tuarascáil sin, in éineacht le moltaí cuí más gá, a thíolacadh faoin mbliain 2025.

101. Cuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar na gníomhaireachtaí íocaíochta bearta frithcalaoise a cheapadh agus a chur chun feidhme (Rialachán (AE) 907/2014).

FREAGRA COITEANN ÓN gCOIMISIÚN AR MHÍREANNA 103 AGUS 104:

Tugann an Coimisiún spreagadh le go n-úsáidfí teicnící meaisínfhoghlama i gach tionscamh de chuid na mBallstát maidir le caiteachas CBT a bhainistiú agus rialú, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitheint agus a chosc. Thug an Coimisiún spreagadh

freisin go ndéanfaí taithí agus dea-chleachtais den sórt sin a mhalartú idir na Ballstáit a bhíonn ag déanamh an tseiceáil iarbhir ar chaiteachas faoi réir ag bainistíocht chomhroinnte.

Tá faireachán saiteilítbhunaithe ar choinníollacha agus ar cheanglais incháilitheachta – amhail an sampla lomtha dá bhforáiltear i mír 103 – ina chuid rí-thábhachtach cheana féin de Sheiceálacha trí Fhaireachán i roinnt Ballstát agus is ea is mó a bheidh sé rí-thábhachtach sa todhchaí leis an gCóras Faireacháin Limistéir a bheidh éigeantach. Mar gheall ar an gcur chuige coisctheach atá leabaithe i gcur chuige na Seiceálacha trí Fhaireachán, tugtar foláireamh d'fheirmeoirí faoi neamhchomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ann agus féadfaidh siad a n-iarratas a leasú nó a tharraingt siar nó fianaise a sholáthar ar a mhalairt. Ní féidir a chinneadh, áfach, ar bhonn na sonraí satailíte amháin cé acu a bhí nó nach raibh an neamhchomhlíonadh a bhraith Seiceálacha trí Fhaireachán ina neamhrialtacht nó ina chalaois.

105. AN CHÉAD FHLEASC - D'fhéadfadh cosaint sonraí (mar a shonraítear in RGCS) bac a chur ar mhalartú faisnéise idir gníomhaithe éagsúla. Mar sin féin, tá an Coimisiún faoi cheangal ag an dlí atá i bhfeidhm.

Ina theannta sin, d'agair na Ballstáit na srianta dlíthiúla sin maidir le cosaint sonraí nuair a d'iarr an Coimisiún air liostaí de na 50 n-úinéirí tairbhiúla is mó a bhunú.

Ar an gcúis sin, faoin gComhbheartas Talmhaíochta nua, ní mór do na Ballstáit a iarraidh ar thairbhithé a dhearbhu cén grúpa a bhfuil siad ina mball de le haghaidh an ghníomhaireacht íocaíochta agus iarratas ar chabhair/tacaíocht á dhéanamh acu.

AN TRÍÚ FLEASC - I bhfianaise ráta earráide réasúnta íseal CBT agus an ráta an-íseal calaoise atá cruthaithe, tá na Ballstáit tar éis saincheist an ualaigh riaracháin as bainistiú agus rialú CBT a ardú arís agus arís eile agus an costas tairbhe a bhaineann le hiarracht a dhéanamh an ráta earráide a laghdú a thuilleadh.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 106-112)

Freagraí ón gCoimisiún:

107. Is saincheist chasta ilghnéitheach í an ghrabáil talún nach bhfuil ina cuid dhílis den mhí-úsáid ar laigí sonracha reachtaíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta. Measann an Coimisiún go raibh sé réamhghníomhach maidir le CBT agus aghaidh á tabhairt aige ar shaincheist na grabála talún a bhíonn ag dul i méad, lena n-áiríodh beart réamhghníomhach trí threoir a chur ar fáil do na Ballstáit tar éis an chásdlí C-216/19 Land Berlin a rinneadh le déanaí.

Maidir leis an bhfaireachán a dhéantar ar straitéisí frithchalaoise na mBallstát, cuireann an Coimisiún in iúl go ndéantar CBT a bhainistiú faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcás ina bhfuil na Ballstáit chun tosaigh sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus go gcoinnítear bearta frithchalaoise náisiúnta faoi shíormhaoirseacht trí ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí deimhniúcháin.

108. Maidir leis na rioscaí calaoise a bhaineann le CBT, tá an Coimisiún ar aon intinn le CIE gur dócha go mbeidh na bealaí sin chun leas a bhaint as cistí an Aontais go haindleathach (e.g. calaoiseoirí ar mian leo talamh talmhaíochta a fháil go haindleathach agus tacaíocht a éileamh ina dhiaidh sin) mar thoradh ar chóras éifeachtúil bainistíochta agus rialaithe, amhail IACS-LPIS, córas a d'fhág go mb'éigean do 'chalaoiseoirí' bealaí éagsúla a aimsiú leis an gcabhair a fháil.

Féach freisin an freagra ón gCoimisiún ar mhír 49.

Maidir leis an tagairt do 'grabáil talún', féach an freagra coiteann ón gCoimisiún ar Fhíor 7 agus ar mhíreanna 50-51. Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil difríocht idir, ar thaobh

amháin, talamh a fháil go haindeleathach (rud a chiallaíonn go bhfaightear gníomh dlíthiúil úinéireachta ar an talamh trí ghníomhartha coiriúla, amhail gníomhartha foréigin nó imeaglaithe) agus ina dhiaidh sin coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh go baileach, agus ar an taobh eile duine ag ligean air go gcomhlíonann sé na coinníollacha incháilitheachta trí dhoiciméid bhrionnaithe agus/nó fhalsaithe a chur isteach. Is saincheist é an dara ceann a bhféadfadh bearta frithchalaíse na Gníomhaireachta Íocaíochta í a bhrath.

111. Meabhraíonn an Coimisiún go gcoinnítear na bearta frithchalaíse náisiúnta faoi shíormhaoirseacht trí obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus trína dtuarascálacha bliantúla chuig an gCoimisiún.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir, chomh fada agus a bhaineann le bearta frithchalaíse, gurb iad na Ballstáit iad féin atá faoi bhainistíocht chomhroinnte ag a bhfuil an ról ceannais-

Déanann an Coimisiún (AS AGRI) roinnt misean iniúcháireachta ar bhonn bliantúil chuig na Ballstáit ina ndéantar cur chun feidhme straitéis iniúcháireachta na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus cáilíocht a gcuid oibre ar mheasúnú chóras rialaithe inmheánaigh na ngníomhaireachtaí íocaíochta, lena n-áirítear athbhreithniú ar na critéir um chreidiúnú, a thástáil.

Ina theannta sin, déanann an Coimisiún iniúchtaí mar atá luaite go soiléir ag CIE ach ní imscrúduithe calaíse iad sin agus níor cheart dóibh a bheith ina n-imscrúduithe calaíse. Déanann an Coimisiún seiceálacha, áfach, ar na bearta frithchalaíse a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm.

Sna hiniúchtaí um chreidiúnú a rinne AS AGRI déantar breithniú ar na bearta frithchalaíse arna gcur chun feidhme ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcomhthéacs chomhphárteanna na gcritéir um chreidiúnú, go háirithe maidir leis an *Timpeallacht Inmheánach, Údarú éileamh* agus Faireachán (déantar measúnú riosca ag céim na pleanála chun na réimsí ar cheart díriú orthu le linn an iniúchta a shainaithint – déantar breithniú i gcónaí ar an riosca calaíse ag céim na pleanála). I gcás inarb ábhartha, ba iad torthaí agus moltaí AS AGRI a tháinig as cur chun feidhme pleananna ceartaitheacha nó feabhsúcháin ag na gníomhaireachtaí íocaíochta.

Féach an freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 75 go 78 agus ar an bhfreagra ar mhír 80.

112. Maidir le cur chun cinn teicneolaíochtaí nua agus na hintleachta saorga, tá an Coimisiún tar éis spreagadh gníomhach a thabhairt do na Ballstáit iad a úsáid. Shocraigh cuid mhaith Ballstát Seiceálacha trí Fhaireachán a úsáid. Ina theannta sin, mó sa mhó bíonn na Ballstáit ag cur spéise i dtástáil Arachne. Is toradh é sin freisin ar iarrachtaí an Choimisiúin na teicneolaíochtaí nua sin a chur chun cinn agus a mhíniú.

Féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 91.

Moladh 1 – Léargas níos doimhne a fháil agus a roinnt ar rioscaí agus ar bhearta calaíse i gcaiteachas CBT

1.A. Glacann an Coimisiún leis an moladh agus is é a mheas gur cuireadh treoir ar fáil. Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur ar na Ballstáit i gcónaí an fhreagracht straitéis frithchalaíse a cheapadh agus a chur chun feidhme. Sa bhreis ar Threoirlíne 1 maidir le hobair na gcomhlachtaí deimhniúcháin i ndáil leis na critéir um chreidiúnú go léir, tá treoir shonrach tugtha ag AS AGRI do na comhlachtaí deimhniúcháin maidir leis na dea-chleachtais i ndáil lena ról measúnú a dhéanamh ar bhearta frithchalaíse na ngníomhaireachtaí íocaíochta le linn chruinniú an Ghrúpa Saineolaithe i mí na Samhna 2021. I gcomhthéacs chur i bhfeidhm reachtaíocht nua CBT, déanfar athbhreithniú ar na treoirlínte uile do na Gníomhaireachtaí Íocaíochta agus do na Comhlachtaí Deimhniúcháin, agus áireofar treoir shonrach maidir leis na bearta frithchalaíse sna treoirlínte seo.

Déanann AS AGRI faireachán leanúnach ar obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin maidir le measúnú na gcritéar um chreidiúnú lena n-áirítear cur chun feidhme na mbeart frithchalaioise ar leibhéal na gníomhaireachta íocaíochta tríd an gcleachtadh bliantúil um imréiteach cuntas ina ndéantar athbhreithniú ar na tuarascálacha uile a fhaigheann na comhlachtaí deimhniúcháin agus trí na misin thiomnaithe ina ndéantar athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis iniúcháireachta na gcomhlachtaí deimhniúcháin.

1.B. Glacann an Coimisiún leis an moladh agus déanfaidh sé faireachán, agus an nóta teorach á gcur san áireamh, ar an gcaoi a mbíonn ceanglais maidir le 'talamh ar fáil' á gcur chun feidhme ag gníomhaireachtaí íocaíochta agus an tSamhail Nua Seachadta mar aon leis an bhfócas ar chórais na mBallstát á n-urramú.

Thairis sin, scaipeann an Coimisiún dea-chleachtais cheana féin i measc na mBallstát sna fóraim iomchuí uile le haghaidh eilimintí de CBT.

1.C. Glacann an Coimisiún leis an moladh agus déanfaidh sé measúnú cothrománach nua ar riosca calaoise i leith CBT in am le go gcuirfear an creat dlíthiúil nua chun feidhme an 1 Eanáir 2023.

Moladh 2 – Úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun calaois i gcaiteachas CBT a chosc agus a bhrath

Glacann an Coimisiún leis an moladh agus measann sé gur thosaigh sé ag cur na ngníomhaíochtaí atá beartaithe chun feidhme agus leanfaidh sé de bheith ag tacú leis na Ballstáit maidir le teicneolaíochtaí nua, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaím a úsáid chun calaois a chosc agus a bhrath, a mhéid is féidir leis na córais sin a bheith ar fónamh don chuspóir sin.

2.A. Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl go bhfuil, ó 2023, coimhdeacht iomlán ag na Ballstáit maidir lena gcórais rialaithe agus pionóis a dhearadh. Ó 2023 ar aghaidh, cumhdóidh an Córas Faireacháin Limistéir éigeantach idirghabhálacha a bhainfidh le limistéar ar fud na mBallstát uile chun feidhmíocht beartais a thomhas. Tugtar isteach an úsáid éigeantach sin de shatailít Sentinel sa chéad CBT eile chun iontaofacht thuairisciú bliantúil feidhmíochta na mBallstát a áirithiú. Is féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhfaisnéis bhunúsach a chuirfidh an Córas Faireacháin Limistéir ar fáil chun neamhrialtachtaí a chosc agus chun rioscaí don chiste a laghdú.

2.B. Glacann an Coimisiún leis an moladh. Tá tús curtha aige cheana féin le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus uirlisí braite calaoise á n-úsáid acu.

Leanfaidh an Coimisiún de spreagadh a thabhairt do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcóras comhtháite TF Arachne le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca agus leanfaidh sé d'oiliúint a chur ar fáil agus de thacaíocht agus cúnaimh teicniúil a thairiscint, d'fhonn a úsáid a chur chun cinn agus líon na mBallstát a úsáideann é a mhéadú. Ag an am céanna, leanfaidh an Coimisiún d'fheabhas a chur ar ghnéithe an chórais TF, ar a sholáimhsithe atá sé don úsáideoir agus ar a idir-inoibritheacht le foinsí eile sonraí.

2.C. Glacann an Coimisiún leis an moladh. Measann sé go bhfuil dea-chleachtais á roinnt cheana féin maidir le patrúin chalaioise a shainiú. Maidir leis an intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaím, áfach, tá an Coimisiún ag smaoineamh faoi láthair ar dhea-chleachtais a roinnt maidir le húsáid na hintleachta saorga i gcoitinne (faireachán agus meastóireacht ar CBT, anailís, giniúint staitisticí, etc.) agus ag brath ar na torthaí chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid is féidir é a chur i bhfeidhm maidir le calaois a bhrath.